

Fótamontáisi – cur síos ginearálta

Chun cabhrú le daoine na hathruithe ar an timpeallacht atá ann cheana ag suíomh na forbartha molta a shamhlú, ullmhaíodh fótamontáisi. Is féidir cur síos a dhéanamh ar fhótamontáisi mar radhairc chruinne agus fhíoraithe ar fhorbairt a dhéanfaí ar an timpeallacht atá ann cheana atá chomh réalaíoch céanna le grianghraif. Chun fótamontáisi a chruthú, tógtar grianghraif bhonnlíne den láithreán ag suíomhanna éagsúla. Bíonn na grianghraif sin soiléir agus léiríonn siad an comhthéacs ábhartha ag gach suíomh. Nuair is féidir, tógtar grianghraif ina bhfuil na príomhghnéithe uile den radharc le feiceáil go soiléir, gan aon chur isteach orthu ó bhacainní chun tosaigh, ar nós trácht feithiclí nó coisithe, troscán sráide, crann, comharthaí, etc. Bíonn na grianghraif chomh cothrom le dáta agus is féidir, agus tógtar iad i ndálaí aimsire maithe, soiléire, agus gan bháisteach, an iomarca dorchadais nó scátha, nó dalladh ón ngrian. Déantar meiteashonraí ón gceamara agus ón lionsa a thaifeadadh le haghaidh gach grianghraif. Déantar dearadh na forbartha molta a fhorleagan ar na híomhánna sin ansin ionas gur féidir an chuma a bheadh uirthi sa bhailédhreach reatha a fheiceáil. Rinneadh na dearaí le haghaidh Scéim Feabhsúcháin Acomhal an Phointe, agus le haghaidh Scéim Conaire Bus BusConnects ón Rinn go Lár na Cathrach, scéimeanna a moladh ar leithligh, a fhorleagan ar íomhánna freisin chun an t-athrú a dhéanfar ar an mbailédhreach ag na suíomhanna sin leis na tionscadail sin, agus an fhorbairt mholta atá á tógáil sa cheantar, a thaispeáint.

1. Fótamontáís Uimh. 1 – Radharc den Leathnú ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh agus Droichead an Phoinge do Choisithe agus Rothaithe leis an túr rialúcháin a mholtar ó Ché an Phoirt Thuaidh



San fhótamontáís seo, taispeántar amharcpointe ar an tionscadal molta ó leagan amach nua Acomhal an Phoinge ar Ché an Phoirt Thuaidh ag breathnú ó dheas ar an Tionscadal Leathnaithe molta ar Dhroichead an Phoinge agus ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh. Tá oibreacha ag Acomhal an Phoinge á moladh ar leithligh mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Acomhal an Phoinge. Is féidir deiceanna Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh uasghrádaithe agus Droichead nua an Phoinge a fheiceáil ón amharcpointe seo. Ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh, feictear an réise fheistithe thuaidh leathnaithe, ar a bhfuil na lánaí tráchta aduaidh agus aneas laghdaithe chun spás a dhéanamh do lána nua a chasann ar chlé go dtí Cé an Phoirt Thuaidh. Tá ciumhaiseanna ardaithe, a thiocfaidh in ionad na gcosán atá ann faoi láthair, le feiceáil freisin. Tógfar iad sin le pábháil dhíspreagthach ag dhá cheann an droichid chun an pobal a spreagadh gan úsáid a bhaint astu. Tá an foirgneamh rialúcháin nua, a thiocfaidh in ionad an fhoirgnimh atá ar an suíomh faoi láthair, le feiceáil ón amharcpointe seo freisin. Tá cumhdach copair réamh-phaiteanaithe thart ar an bhfoirgneamh rialúcháin nua, mar a fheictear ar shainchomharthaí talún eile i mBaile Átha Cliath. Tá dhá lána ar dheic Dhroichead an Phoinge nua, mar a fheictear san fhótamontáís,

ceann amháin le húsáid ag coisithe agus an ceann eile le húsáid ag rothaithe.

Sa chúlra, taispeántar foirgneamh nua Chumann Rámhaíochta Naomh Pádraig , a mholtar ar leithligh mar chuid de Scéim Conaire Bus BusConnects ón Rinn go Lár na Cathrach, ar bhruach theas na Life. Taispeántar Droichead Iompair Phoiblí na Dothra a mholtar mar chuid den scéim chéanna idir Cé Sir John Rogerson agus Sráid Chláir Fhada / Bóthar Eabhrac.

2. Fótamontáís Uimh. – 2 Radharc de Dhroichead an Phointe agus den túr rialúcháin ó Ché Sir John Rogerson



San fhótamontáís seo, taispeántar amharcphointe ar an Tionscadal Leathnaithe molta ar Dhroichead an Phointe agus ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh ó Ché Sir John Rogerson, ag breathnú soir. Ón bpointe seo, is féidir ingearchló an taoibh thiar de Dhroichead an Phointe a fheiceáil. Tá an droichead thart ar 150m ar fad agus tá leagan amach na réisí mar an gcéanna leis an gceann ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh mar atá faoi láthair, is é sin, cúig réise: ceithre réise fheistithe agus réise inghluaiste sa lár. Beidh gach ceann de na ceithre réise fheistithe thart ar 26m ar fad. Beidh an réise inghluaiste sa lár thart ar 46m ar fad. Beidh an glanspás cothrománach agus ceartingearach céanna ag seolbhealach loingseoireachta na habhann trí Dhroichead an Phointe agus a chuirtear ar fáil faoi láthair trí Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh nuair atá an réise

inghluaiste oscailte. Tá an foirgneamh rialúcháin nua, a thiocfaidh in ionad an fhoirgnimh atá ar an suíomh faoi láthair, le feiceáil ón amharcphointe seo freisin. Tá cumhdach copair réamh-phaiteanaithe thart ar an bhfoirgneamh rialúcháin nua, mar a fheictear ar shainchomharthaí talún eile i mBaile Átha Cliath.

Ón amharcphointe seo, tá an díon ar fhoirgneamh nua Chumann Rámhaíochta Naomh Pádraig , a mholtar ar leithligh mar chuid de Scéim Conaire Bus BusConnects ón Rinn go Lár na Cathrach, le feiceáil. Taispeántar an taobh thiar de Dhroichead Iompair Phoiblí na Dothra a mholtar mar chuid den scéim chéanna idir Cé Sir John Rogerson agus Sráid Chláir Fhada / Bóthar Eabhrac.

3. Léaráid Uimh. PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401001 Leagan Amach an tSocraithe Ghinearálta: Plean agus Ingearchló

Taispeántar plean agus ingearchló an Tionscadail Leathnaithe mholta ar Dhroichead an Phointe agus ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh sa léaráid seo. Beidh leagan amach na réisí ar Dhroichead an Phointe molta mar an gcéanna leis an gceann ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh mar atá faoi láthair, is é sin, cúig réise: ceithre réise fheistithe agus réise inghluaiste sa lár. Beidh gach ceann de na ceithre réise fheistithe thart ar 26m ar fad. Beidh an réise inghluaiste sa lár thart ar 46m ar fad san iomlán, agus beidh sí de chineál luascach rollach duille aonair ar a mbeidh frithmheáchan comhtháite faoin deic. Beidh an glanspás cothrománach agus ceartingearach céanna ag seolbhealach loingseoireachta na habhann trí Dhroichead an Phointe agus a chuirtear ar fáil faoi láthair trí Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh nuair atá an réise inghluaiste oscailte.

Taispeántar sa phlean suíomhanna na struchtúr nua chun cosaint ar imbhuailtí áirtheáil ag an mbealach isteach aniar chuig Droichead an Phointe a mholtar. Taispeántar suíomh an fhoirgnimh rialúcháin nua sa léaráid seo freisin, a bheidh idir an dá dhroichead.

Taispeántar sa phlean an leathnú ar na réisí deice feistithe thuaidh agus theas ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh chun spás a dhéanamh do lána tráchta feithiclí a chasann ar chlé go dtí Cé an Phoirt Thuaidh agus do lána tráchta feithiclí a chasann ar dheis go dtí Cé Sir John Rogerson a

d'fhéadfaí a chur ann amach anseo. Ní bheidh na cosáin atá ann faoi láthair le húsáid ag an bpobal níos mó agus cuirfear ciumhaiseanna ardaithe le pábháil dhíspreagthach ag dhá cheann an droichid ina n-áit, chun an pobal a spreagadh gan úsáid a bhaint astu. Taispeántar marcóirí trasghearrtha A go D, atá i gcomhréir le léaráidí PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401006 go PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401009 a uaslódáladh mar chuid den chomhairliúchán poiblí seo.

Taispeántar sa léaráid seo freisin méideanna tionscadal molta eile sa cheantar freisin – Scéim Feabhsúcháin Acomhal an Phointe, agus Scéim Conaire Bus BusConnects ón Rinn go Lár na Cathrach, scéimeanna a moladh ar leithligh – chun an bealach a thiocfaidh Droichead an Phointe leis na tionscadail eile sin ag an mbealach isteach ó thuaidh agus ó dheas a léiriú.

4. Léaráid Uimh. PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401006 Leagan Amach an tSocraithe Ghinearálta: Trasghearrthacha, Bileog 1

Taispeántar sa léaráid seo an gnáth-thrasghearradh deice feistithe ó dheas, le hingearchló de phiaraí idirmheánacha ag Droichead an Phointe nua agus Droichead Thomáis Uí Chléirigh uasghrádaithe ag Trasghearradh A ag breathnú ó thuaidh. Tá leithead thart ar 10.1m ag an deic ar Dhroichead an Phointe ag an trasghearradh seo atá comhdhéanta de chosán thart ar 4.6m ar leithead, rotharbhealach 5.3m ar leithead agus líne dheighilte ardaithe 0.2m ar leithead idir an cosán agus an rotharbhealach. Tá na huchtbhallaí 1.25m ar airde ar an taobh thiar den droichead agus 1.4m ar airde ar an taobh thoir.

Tá lánaí tráchta aduaidh agus aneas atá 3.65m ar leithead araon ar an deic ag Trasghearradh A ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh. Ní bheidh na cosáin atá ann faoi láthair le húsáid ag an bpobal níos mó agus cuirfear ciumhais ardaithe 1.6m ar leithead ar gach taobh den lána ina n-áit. Tógfar na ciumhaiseanna ardaithe le pábháil dhíspreagthach ag dhá cheann an droichid chun an pobal a spreagadh gan úsáid a bhaint astu. Cuirfear uchtbhalla nua ag imeall na deice agus bacainn sábháilteachta tráchta ar a mbeidh soilsiú bóithre comhtháite ar feadh an dá thaobh den droichead.

5. Léaráid Uimh. PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401007 Leagan Amach an tSocraithe Ghinearálta: Trasghearrthacha, Bileog 2

Taispeántar sa léaráid seo traschló na deice feistithe theas agus an piara luascach ag Trasghearradh B ag breathnú ó thuaidh. Tá an deic ar Dhroichead an Phointe ag an trasghearradh seo thart ar 17.4m ar leithead agus í comhdhéanta d'ardán féachana ar a bhfuil suíocháin agus soithí plandaí, cosán thart ar 3.4m ar leithead, rotharbhealach ar 5.3m ar leithead agus líne dheighilte ardaithe 0.2m ar leithead idir an cosán agus an rotharbhealach. Tá na huchtbhallaí 1.25m ar airde ar an taobh thiar den droichead agus tá soilsiú cosáin agus ráille taca comhtháite ann. Tá an t-uchtbhalla 1.4m ar airde ar an taobh thoir den droichead. Tá caibinéad bacainne búm agus soilse stop-gabh lonnaithe ar an taobh thoir den droichead chun rothaithe agus coisithe a stopadh ó shiúl isteach ar an droichead luascach agus é á ullmhú lena ardú chun ligean d'árthaí dul tríd an seolbhealach loingseoireachta.

Tá lánaí tráchta aduaidh agus aneas atá 3.65m ar leithead araon ar an deic ag Trasghearradh B ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh. Ní bheidh na cosáin atá ann cheana féin le húsáid ag an bpobal níos mó agus cuirfear ciumhais ardaithe ar gach taobh den lána ina n-áit. Beidh leithid éagsúla ag na ciumhaiseanna ag an suíomh seo. Tógfar na ciumhaiseanna ardaithe le pábháil dhíspreagthach ag dhá cheann an droichid chun an pobal a spreagadh gan úsáid a bhaint astu. Cuirfear uchtbhalla nua ag imeall na deice agus bacainn sábháilteachta tráchta ar a mbeidh soilsiú bóithre comhtháite ar feadh an dá thaobh den droichead.

Tá an dá struchtúr droichid nasctha le chéile ag an suíomh seo ós rud é go n-ardófar duille luascach an dá dhroichead ag an am céanna. Tá an foirgneamh rialúcháin nua ina n-oibreofar na piaraí luascacha lonnaithe ag an spás a nascann an dá dhroichead le chéile. Tá an foirgneamh rialúcháin nua thart ar 14.5m ar airde.

6. Léaráid Uimh. PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401008 Leagan Amach an tSocraithe Ghinearálta: Trasghearrthacha, Bileog 3

Taispeántar sa léaráid seo an gnáth-thrasghearradh réise inghluaiste ag Droichead an Phointe nua agus Droichead uasghrádaithe Thomáis Uí Chléirigh ag Trasghearradh C ag breathnú ó thuaidh. Tá leithead thart ar 8.9m ag an deic ar Dhroichead an Phointe ag an trasghearradh seo atá comhdhéanta de chosán thart ar 3.4m ar leithead, rotharbhealach 5.3m ar leithead agus líne dheighilte ardaithe 0.2m ar leithead idir an cosán agus an rotharbhealach. Tá na huchtbhallaí 1.25m ar airde ar an taobh thiar den droichead agus 1.4m ar airde ar an taobh thoir.

Tá lánaí tráchta aduaidh agus aneas atá 3.65m ar leithead araon ar an deic ag Trasghearradh C ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh. Ní bheidh na cosáin atá ann faoi láthair le húsáid ag an bpobal níos mó agus cuirfear ciumhais ardaithe 1.6m ar leithead ar gach taobh den lána ina n-áit. Tógfar na ciumhaiseanna ardaithe le pábháil dhíspreagthach ag dhá cheann an droichid chun an pobal a spreagadh gan úsáid a bhaint astu. Cuirfear uchtbhalla nua ag imeall na deice agus bacainn sábháilteachta tráchta ar a mbeidh soilsiú bóithre comhtháite ar feadh an dá thaobh den droichead.

7. Léaráid Uimh. PTCB-ROD-ENV-AE-DR-EN-401009 Leagan Amach an tSocraithe Ghinearálta: Trasghearrthacha, Bileog 4

Taispeántar sa léaráid seo an gnáth-thrasghearradh deice feistithe thuaidh, le hingearchló de phiaraí idirmheánacha ag Droichead an Phointe nua agus Droichead Thomáis Uí Chléirigh uasghrádaithe ag Trasghearradh D ag breathnú ó thuaidh. Tá leithead thart ar 8.9m ag an deic ar Dhroichead an Phointe ag an trasghearradh seo atá comhdhéanta de chosán thart ar 3.4m ar leithead, rotharbhealach 5.3m ar leithead agus líne dheighilte ardaithe 0.2m ar leithead idir an cosán agus an rotharbhealach. Tá na huchtbhallaí 1.25m ar airde ar an taobh thiar den droichead agus 1.4m ar airde ar an taobh thoir.

Tá lánaí tráchta aduaidh agus aneas atá thart ar 3.25m ar leithead araon ar an deic ag Trasghearradh D ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh.

Taispeántar lána chun casadh ar Ché an Phoirt Thuaidh ag an suíomh seo freisin, agus é thart ar 3.25m ar leithead. Ní bheidh na cosáin atá ann faoi láthair le húsáid ag an bpobal níos mó agus cuirfear ciumhais ardaithe 1.6m ar leithead ar gach taobh den lána ina n-áit. Tógfáir na ciumhaiseanna ardaithe le pábháil dhíspreagthach ag dhá cheann an droichid chun an pobal a spreagadh gan úsáid a bhaint astu. Cuirfear uchtbhalla nua ag imeall na deice agus bacainn sábháilteachta tráchta ar a mbeidh soilsiú bóithre comhtháite ar feadh an dá thaobh den droichead.

8. Léaráid Uimh. PTCB-ROD-GEN-AE-DR-CS-303001 Léarscáil de Shuíomh Láithreán an Tionscadail (agus tionscadail atá beartaithe a dhéanamh amach anseo á léiriú)

Léaráid de phlean é seo a thaispeánann líne dhearg timpeall ar limistéar an tionscadail siar ó Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana féin i gCathair Bhaile Átha Cliath idir Cé an Phoirt Thuaidh agus an Rinn ó dheas den Life, agus an droichead sin san áireamh. Tá Droichead an Phointe nua lonnaithe sa limistéar sin, siar ó Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana féin. Tá dhá limistéar eile atá níos lú imlínithe leis an líne dhearg níos faide siar ó Dhroichead an Phointe molta, áit a moltar na struchtúr nua chun cosaint ar imbhuailtí áirthe. Taispeántar sa léaráid seo freisin méideanna tionscadal beartaithe eile – Scéim Feabhsúcháin Acomhal an Phointe, agus Scéim Conaire Bus BusConnects ón Rinn go Lár na Cathrach – chun an bealach a thiocfaidh an fhorbairt mholta leis na tionscadail eile sin a léiriú.